Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10407/25**
**ADD 5**

**TELECOM 196**
**DIGIT 122**
**CYBER 173**
**COMPET 574**
**RECH 286**
**PI 125**
**MI 411**
**EDUC 273**
**JAI 869**
**ENFOPOL 216**
**COSI 121**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 290 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Staid na Deacáide Digití 2025: Leanúint de cheannasacht agus de thodhchaí dhigiteach an Aontais a thógáil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 290 - annex 5.

---

Faoi iamh: COM(2025) 290 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.6.2025
COM(2025) 290 final

ANNEX 5

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún**

**Staid na Deacáide Digití 2025: Leanúint de cheannasacht agus de thodhchaí dhigiteach an Aontais a thógáil**

{SWD(2025) 290 final} - {SWD(2025) 291 final} - {SWD(2025) 292 final} - {SWD(2025) 293 final} - {SWD(2025) 294 final} - {SWD(2025) 295 final}

# TUARASCÁLACHA GEARRA TÍRE 2025

## An Chróit

# Achoimre feidhmiúcháin

**Tá dul chun cinn mór déanta ag an gCróit in earnálacha straitéiseacha teicneolaíochta ach tá dúshláin fós roimpi maidir le hardteicneolaíochtaí digiteacha a ghlacadh go forleathan. Mar gheall ar an dul chun cinn i réimsí, amhail an chumarsáid chandamach, leathsheoltóirí agus an chibearshlándáil, neartaíodh an fás atá ag teacht ar a rannchuidiú le hiomaíochas agus ceannasacht an Aontais.**

**Léiríonn an Chróit leibhéal substaintiúil uaillmhéine maidir lena rannchuidiú leis an Deacáid Dhigiteach, agus 13 sprioc náisiúnta leagtha síos aici, a bhfuil 77 % díobh ailínithe go maith le spriocanna 2030 an Aontais. Tá an tír ag cloí measartha maith lena conairí i dtreo na spriocanna dá cuid, agus í ar an mbóthar ceart i leith 63 % díobh (ar bhonn chonairí 2024 a sainíodh le haghaidh na 8 bpríomhtháscaire feidhmíochta uile a ndearnadh anailís orthu). Thug an Chróit aghaidh ar 50 % den 12 mholadh a d’eisigh an Coimisiún in 2024 trí athruithe áirithe a dhéanamh trí bhearta nua.**

In 2024, lean an rialtas dá athchóirithe straitéiseacha, agus iarrachtaí ar son na digiteála nasctha níos mó agus níos mó le hiomaíochas tionsclaíoch a neartú, nuálaíocht a chothú, agus borradh a chur faoi cheannasacht theicneolaíoch. Chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an aistriú digiteach, ní mór don Chróit dul i ngleic le bearnaí seasmhacha san imeall-bhonneagar, digiteáil FBManna, glacadh ardteicneolaíochtaí, agus tacaíocht d’fhiontair ardfháis.

| Príomhtháscaire feidhmíochta na Deacáide Digití (1) | an Chróit | | | | AE | | Sprioc na Deacáide Digití faoi 2030 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | DESI 2024 (an bhliain 2023) | DESI 2025 (an bhliain 2024) | Dul chun cinn bliantúil | Conair náisiúnta 2024 (3) | DESI 2025 | Dul chun cinn bliantúil | HR | AE |
| **Cumhdach líonraí fíor-ardacmhainneachta fosaithe** | 67,8 % | 78,9 % | 16,4 % | 68,0 % | 82,5 % | 4,9 % | 100,0 % | 100 % |
| **Cumhdach cábla snáthoptaice go háitreabh** | 62,1 % | 75,4 % | 21,4 % | 66,0 % | 69,2 % | 8,4 % | 100,0 % | - |
| **Cumhdach 5G foriomlán** | 83,4 % | 94,2 % | 12,9 % | 85,7 % | 94,3 % | 5,9 % | 99,0 % | 100 % |
| **Imeallnóid (meastachán)** | 3 | 6 | 100,0 % | - | 2 257 | 90,5 % | - | 10 000 |
| **FBManna ag a bhfuil bunleibhéal déine digití ar a laghad bainte amach (2)** | - | 63,5 % | 4,8 % | - | 72,9 % | 2,8 % | 90,0 % | 90 % |
| **Néalríomhaireacht** | 40,7 % | 38,6 % | -5,4 % | - | - | - | 75,0 % | 75 % |
| **An Intleacht Shaorga** | 7,9 % | 11,8 % | 49,0 % | 13,0 % | 13,5 % | 67,2 % | 20,0 % | 75 % |
| **Anailísíocht sonraí** | 51,7 % | - | - | - | - | - | 30,0 % | 75 % |
| **IS nó Néalríomhaireacht nó Anailísíocht Sonraí** | 65,6 % | - | - | - | - | - | - | 75 % |
| **Aonbheannaigh** | 2 | 2 | 0,0 % | 2 | 286 | 4,4 % | 4 | 500 |
| **Bunscileanna digiteacha ar a laghad** | 59,0 % | - | - | - | - | - | 80,0 % | 80 % |
| **Speisialtóirí TFC** | 4,3 % | 5,0 % | 16,3 % | 4,5 % | 5,0 % | 4,2 % | 7,0 % | ~10 % |
| **Fógra faoi scéim ríomh-shainaitheantais** | | Tá | | | | | | |
| **Seirbhísí poiblí digiteacha do shaoránaigh** | 67,2 | 75,2 | 11,9 % | 75,0 | 82,3 | 3,6 % | 100,0 | 100 |
| **Seirbhísí poiblí digiteacha do ghnólachtaí** | 66,2 | 65,3 | -1,3 % | 75,0 | 86,2 | 0,9 % | 100,0 | 100 |
| **Rochtain ar ríomhthaifid sláinte** | 85,6 | 86,6 | 1,2 % | 95,0 | 82,7 | 4,5 % | 100,0 | 100 |

(1) Féach an nóta modheolaíochta chun tuairisc ar na táscairí agus méadrachtaí eile a fháil.
(2) Tuairiscítear le DESI 2025 Leagan 4 den Innéacs Déine Digití, atá inchomparáide le luach DII ó DESI 2023 (a thagraíonn do 2022) chun an dul chun cinn bliantúil a ríomh. Níl sé inchomparáide leis an gconair náisiúnta, atá bunaithe ar Leagan 3 den innéacs.
(3) Luach de réir na conaire náisiúnta más ann dó sa treochlár náisiúnta agus má tomhaiseadh an táscaire in DESI2025 (bliain 2024).

**De réir an Eorabharaiméadair Speisialta 'An Deacáid Dhigiteach 2025'**, measann 81 % de mhuintir na Cróite go bhfuil an saol níos éasca acu de bharr digitiú seirbhísí laethúla poiblí agus príobháideacha. Maidir le gníomhaíocht na n-údarás poiblí, measann 90 % go bhfuil sé tábhachtach saincheist na bréagnuachta agus na bréagaisnéise ar líne a chomhrac agus a mhaolú. Agus maidir leis an iomaíochas, measann 91 % go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú gur féidir le cuideachtaí Eorpacha fás agus a bheith ina 'gCuraidh Eorpacha' a bheidh in ann dul san iomaíocht ar bhonn domhanda.

## Aontas iomaíoch, ceannasach agus athléimneach bunaithe ar cheannasacht theicniúil

Tá dul chun cinn mór déanta ag an gCróit maidir le cábla snáthoptaice go háitreabh agus 5G a chur in úsáid, rud a sháraíonn meánrátaí fáis an Aontais. Cé go bhfuil líonraí fíor-ardacmhainneachta fós faoi bhun mheán an Aontais, tá dul chun cinn á dhéanamh go tapa ina leith, arna spreagadh ag cláir bhonneagair a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA). Mar sin féin, tá dúshláin roimh an gCróit maidir le líonraí neamhspleácha 5G a chur in úsáid, toisc go bhfuil an dul chun cinn teoranta agus nach bhfuil aon bheart sonrach i bhfeidhm chun dlús a chur leis an rolladh amach. Tá cumhdach 5G lárbhanda faoin tuath fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, agus níl coinne le straitéis chuimsitheach a bheith ann ar thaobh an éilimh chun glacadh a spreagadh go dtí tar éis 2027.

Tá seasamh láidir ag an tír freisin maidir le hanailísíocht sonraí a ghlacadh. Cé gur fhás déine dhigiteach bhunúsach FBManna níos tapúla ná mar a tharla sa chuid eile den Aontas, tá sé fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais. Tá dúshláin fós roimh an gCróit maidir le glacadh IS agus néalseirbhísí, toisc go bhfuil an glacadh ina leith sin níos ísle ná meán an Aontais. Tá éiceachóras na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú fós lag freisin, agus níl ach dhá chuideachta aonbheannaigh taifeadta agus tá an ghníomhaíocht caipitil fiontair teoranta.

I bhfianaise go bhfuil tionscadal náisiúnta um chumarsáid chandamach á sheoladh agus lárionad inniúlachta leathsheoltóirí á sheoladh chomh maith, tá coinne leis go neartófar seasamh na Cróite i dteicneolaíochtaí straitéiseacha. Tá an tír tar éis tosú ar bhearta a dhéanamh i dtreo bonneagar TFC a dhílárú freisin trí shé imeallnód a chur in úsáid. Mar sin féin, tá éiceachóras na himeall-ríomhaireachta fós tearcfhorbartha agus tá straitéis náisiúnta thiomnaithe in easnamh ina leith. Tá feabhas tagtha ar acmhainneacht cibearshlándála na tíre toisc gur glacadh an Gníomh um Chibearshlándáil agus gur seoladh an Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin um Thionsclaíocht, Teicneolaíocht agus Taighde sa Chibearshlándáil; mar sin féin, tá príomhchaighdeáin amhail leagan 6 den Phrótacal Idirlín agus Breiseáin Slándála do Chóras Ainmneacha Fearainn fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, rud a thugann le fios go bhfuil leochaileachtaí seasmhacha sa bhonneagar digiteach náisiúnta.

## Pobal agus sochaí an Aontais a chosaint agus a chumhachtú

D'ainneoin scileanna digiteacha láidre i measc daoine óga, tá dúshláin mhóra fós roimh an gCróit maidir leis an r-chuimsiú, agus déanann bearnaí seasmhacha scileanna difear do dhaoine scothaosta, do dhaoine a bhfuil leibhéil oideachais níos ísle acu, agus don daonra tuaithe. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar an sciar de speisialtóirí TFC atá i bhfostaíocht agus go bhfuil sé ag teacht le meán an Aontais,

tá ganntanais fós ann, tá mímheaitseálacha seasmhach i margadh an tsaothair, agus leanann imirce daoine oilte de phíblíne na tallainne digití a lagú.

Tá feabhas tagtha go seasta ar sheirbhísí digiteacha poiblí do shaoránaigh agus tá siad ar an mbóthar ceart a bheag nó a mhór, ach tá treochtaí diúltacha le sonrú ó thaobh seirbhísí poiblí digiteacha do ghnólachtaí de, lena n-áirítear meath ar infhaighteacht na seirbhíse trasteorann. Tá na hullmhúcháin le haghaidh na Tiachóige Céannachta Digití náisiúnta ag teacht chun cinn, rud a threiseoidh creataí um rochtain shlán. Tá cúrsaí láidir ó thaobh na rochtana ar thaifid sláinte de, ach tá bearnaí tábhachtacha áirithe fós ann: ní bhíonn fáil ar íomhánna leighis, níl soláthraithe áirithe cúraim sláinte nasctha, agus ní féidir rochtain tharmligthe a fháil. Trí thacaíocht a thabhairt d'aistriú digiteach níos cuimsithí agus níos iontaofa, ghéaraigh an Chróit na hiarrachtaí chun litearthacht sna meáin, feasacht cibearshlándála, agus cosaint ar rioscaí ar líne a chur chun cinn, go háirithe i measc daoine óga.

## Claochlú digiteach a ghiaráil ar mhaithe le glasú cliste

Tá aird níos mó á tabhairt ar thosaíochtaí glasa agus digiteacha sa Chróit, le tacaíocht ó infheistíochtaí móra ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá dul chun cinn déanta ag an gCróit maidir lena bonneagar fuinnimh a dhigiteáil agus maidir le feabhas a chur ar chórais bainistithe uisce le réitigh faireacháin dhigiteacha. Mar sin féin, tá straitéis náisiúnta chomhleanúnach fós in easnamh ar an tír, lena nascfaí an digiteáil le cuspóirí aeráide, agus níl faireachán córasach ar laghduithe astaíochtaí trí theicneolaíochtaí digiteacha curtha i bhfeidhm go fóill. Tá feasacht na dtomhaltóirí ar an tionchar a bhíonn ag gairis TFC ar an gcomhshaol fós íseal, agus tá iarrachtaí inbhuanaitheachta deonacha san earnáil dhigiteach fós ilroinnte.

## An treochlár straitéiseach náisiúnta um an Deacáid Dhigiteach

Chuir an Chróit coigeartú ar a treochlár náisiúnta isteach i mí Eanáir 2025, lenar beachtaíodh a tacar beart agus lenar tugadh príomhspriocanna nascachta cothrom le dáta. Ullmhaíodh an coigeartú trí chomhairliúchán leathan leis na páirtithe leasmhara agus tugtar aghaidh ann ar líon suntasach moltaí ó 2024. Coinnítear béim láidir sa treochlár ar an mbonneagar digiteach a neartú, chomh maith le digiteáil FBManna, forbairt scileanna digiteacha, agus seirbhísí poiblí digiteacha. Mar sin féin, tá bearnaí fós ann maidir le glacadh forleathan na n-ardteicneolaíochtaí, fiontair atá dírithe ar an nuálaíocht a uas-scálú, agus bearnaí, maidir le cuimsiú i scileanna digiteacha, a dhúnadh go hiomlán, go háirithe i gcás daoine fásta níos sine agus ceantair thuaithe. Ar an iomlán, áirítear i dtreochlár na Cróite 31 bheart lena ngabhann buiséad comhcheangailte 634,73 milliún, arb é sin thart ar 0,74 % de OTI na tíre.

## Cistiú agus tionscadail ar son cúrsaí digiteacha

Leithdháileann an Chróit 20 % de bhuiséad iomlán a plean téarnaimh agus athléimneachta ar chuspóirí digiteacha (EUR 1,4 billiún)[1]. Ina theannta sin, faoin mbeartas comhtháthaithe, tá EUR 755 mhilliún,

[1] Rinneadh sciar na leithdháiltí airgeadais a rannchuidíonn le cuspóirí digiteacha a ríomh agus úsáid á baint as Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. An nuashonrú is déanaí ar na sonraí: an 16 Bealtaine 2025.

arb é sin 9 % den chistiú iomlán i mbeartas comhtháthaithe na tíre, tiomnaithe do chlaochlú digiteach na Cróite a thabhairt chun cinn[2].

Tá an Chróit ina comhalta de na trí Chuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach (EDICanna): EDIC le haghaidh na Comhghuaillíochta um Theicneolaíochtaí Teanga, EDIC le haghaidh Leathchúplaí Digiteacha Áitiúla i dtreo CitiVERSEagus EDIC EUROPEUM. Tá eagraíochtaí de chuid na Cróite ina gcomhpháirtithe indíreacha sa Tionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne maidir le Bonneagar agus Seirbhísí Néalríomhaireachta den Chéad Ghlúin Eile (IPCEI-CIS). Is stát rannpháirteach í an Chróit sa Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach agus sa Chomhghnóthas um Shliseannaagus sa Chomhghnóthas um Shliseanna.

Rannchuidigh an Chróit leis an Luasaire Dea-Chleachtais[3] trí dhea-chleachtas amháin a chomhroinnt faoi chuimsiú na braisle Scileanna Digiteacha ('Mná san Earnáil Dhigiteach — Cailíní in TFC').

## Cearta agus prionsabail dhigiteacha

De réir staidéar tacaíochta, bhí an Chróit réasúnta gníomhach i gcur chun feidhme an Dearbhaithe Eorpaigh maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití, agus 48 dtionscnamh ann ar an iomlán agus 7 dtionscnamh nua seolta in 2024. Is i réimse na dlúthpháirtíochta agus an chuimsithe is gníomhaí a bhíonn an Chróit. Is lú gníomhaíochta a sainaithníodh a mhéid a bhaineann le timpeallacht dhigiteach chothrom. Is cosúil gur ag bearta i réimse na hinbhuanaitheachta a bhíonn an tionchar is mó ar an láthair, i gcodarsnacht leis na bearta sin lena dtugtar aghaidh ar dhaoine a chur i gcroílár an chlaochlaithe dhigitigh.

**Moltaí**

- **Seirbhísí poiblí:** Idir-inoibritheacht agus so-úsáidteacht na seirbhísí poiblí a neartú chun daoine agus gnólachtaí a spreagadh chun iad a úsáid a thuilleadh.
- **Ríomhsheirbhísí sláinte:** Creat cuimsitheach dlíthiúil agus teicniúil a thabhairt isteach chun rochtain daoine údaraithe ar ríomhshonraí sláinte thar ceann daoine eile a chumasú; íomháú diagnóiseach a dhéanamh inrochtana do dhaoine aonair tríd an tseirbhís náisiúnta rochtana sláinte ar líne; agus áirithiú go mbeidh na soláthraithe cúraim sláinte uile, lena n-áirítear tithe altranais geiriatracha agus saoráidí meabhairshláinte, nasctha agus ag soláthar sonraí go gníomhach.
- **Bunscileanna digiteacha:** Géarú ar an ngníomhaíocht spriocdhírithe chun an bhearna scileanna digiteacha ó thaobh aoise, oideachais agus pobail uirbeacha agus thuaithe de a dhúnadh.
- **Speisialtóirí TFC:** Cláir oiliúna, uas-scilithe agus choinneála le haghaidh speisialtóirí TFC a leathnú, an t-ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair a neartú, agus dul i ngleic le himirce daoine oilte chun píblíne tallainne digití na Cróite a choimirciú.
- **Digiteáil FBManna:** Cláir agus dreasachtaí spriocdhírithe a fhorbairt chun méadú a dhéanamh ar ghlacadh na réiteach néalríomhaireachta, intleachta saorga agus anailísíochta sonraí ag

[2] Áirítear leis an méid sin an infheistíocht uile atá dírithe go sonrach ar chlaochlú digiteach i gclárthréimhse bheartas Comhtháthaithe 2021-2027 nó a rannchuidíonn go substaintiúil leis. Is iad Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus an Ciste um Aistriú Cóir na cistí foinseacha.

[3] Is ardán é an Luasaire Dea-Chleachtais (BPA) lena gcuirtear ar a gcumas do na Ballstáit bearta rathúla a chomhroinnt chomh maith le dúshláin ar thángthas orthu ina n-iarrachtaí chun a spriocanna agus a gcuspóirí don Deacáid Dhigiteach a bhaint amach. Cuirtear dea-chleachtais ar fáil do na Ballstáit trí Stóras BPA agus léirítear iad i gceardlanna tráthrialta, atá dírithe ar thrí bhraisle théamacha faoi láthair: Scileanna Digiteacha, TF Glas, agus Glacadh na dTeicneolaíochtaí Digiteacha.

FBManna, rud lena gcúngófar an bhearna idir fiontair atá go mór chun cinn ó thaobh cúrsaí digiteacha de agus iad siúd atá ag titim chun deiridh.

- **Imeallnóid:** Méadú a dhéanamh ar iarrachtaí i réimse na n-imeallnód i bhfianaise a thábhachtaí atá siad don iomaíochas, don athléimneacht, don cheannasacht agus don ghníomhú ar son na haeráide.
- **5G**: Dlús a chur leis an gcumhdach iomlán ó thaobh gigighiotáin agus 5G de, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar scrogaill oibríochtúla (pleanáil, ceadú) agus trí chur in úsáid speictrim 5G lárbhanda a leathnú.
- **Cibearshlándáil**: Cláir tacaíochta cibearshlándála spriocdhírithe a fhorbairt le haghaidh FBManna, an tástáil athléimneachta a leathnú, agus an acmhainneacht náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar chibeartheagmhais san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a neartú.